M71T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2005**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuisceint na hEalaíne

Ardleibhéal

Tá 150 marc ag dul don pháipéar seo, i.e. 37.5% d'iomlán na marcanna don Ealaín

**Déardaoin, 16 Meitheamh     Tráthnóna, 2.00 - 4.30**

**Treoracha**

Freagair **trí** cheist mar a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa, 1000 AD – go dtí Inniu ) agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt do ***na léaráidí atá ar an mbileog leis an bpáipéar seo*** de réir mar is gá.

# Roinn 1 – An Ealaín in Éirinn

**1.** Ainmnigh agus déan cur síos agus plé ar thrí earra óir éagsúla ón gCré-umhaois in Éirinn. Déan tagairt shonrach don fheidhm, don fhoirm agus do na cineálacha maisiúcháin a úsáideach.
agus
Déan cur síos ar na teicníochtaí a úsáideadh cun iad a tháirgeadh.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Déan cur síos agus plé ar na príomhchéimeanna i bhforbairt na gcros cloiche in Éirinn le linn na tréimhse luath-Chríostaí.
agus
Déan dhá chros cloiche ón tréimhse luath-Chríostaí a ainmniú, a phlé agus a chur i gcomparáid.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Freagair (a) agus (b)
(a) Cad é a bhí mar thionchar ar fhorbairt na miotalóireachta in Éirinn le linn na tréimshe luath-Chríostaí?
(b) Déan dhá shampla ***mar atá siad léirithe ar an mbileog leis seo*** a phlé agus a chur i gcomparáid, agus bíodh tagairt agat don fheidhm, do na hábhair, don fhoirm, don mhaisiúchán agus do na teicníochtaí a úsáideadh chun iad a tháirgeadh.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Déan cur síos agus plé ar na tréithe ailtireachta a bhain leis an stíl Rómhánúil Éireannach, agus tagairt agat do na tionchair ar an dearadh agus ar an maisiúchán.
agus
Déan cur síos agus plé go mion ar dhearadh agus ar mhaisiú Shéipéal Chormaic, Caiseal.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Tá Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath, arb é James Gandon (1743-1824) a dhear é, ***léirithe ar an mbileog atá leis seo***. Freagair (a) agus (b).
(a) Sonraigh agus pléigh gnéithe den fhoirgneamh seo arbh fhéidir gnéithe coitianta ailtireachta den tréimhse Sheoirseach a thabhairt orthu.
(b) Ainmnigh agus déan cur síos ar fhoirgneamh amháin eile arbh é James Gandon a dhear é.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Tá 'Teagmháil ar Chéimeanna an Túirín' le Frederic Burton (1816 – 1900) ***léirithe ar an mbileog leis seo.***Freagair (a) agus (b)
(a) Pléigh an pictiúr ealaíne seo go mion agus mínigh cén chaoi a n-éiríonn leis an ealaíontóir a áiteamh orainn gur eachtra a tharla go fírinneach atá ann.
(b) Déan comparáid idir an saothar seo agus pictiúr fíoracha ar bith eile a rinne ealaíontóir Éireannach ainmnithe.
*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Déan cás a áiteamh ar son beirt de na healaíontóirí seo a leanas a chur san áireamh i dtaispeántas d'ealaín chomhaimseartha na hÉireann.
Is féidir rogha a dhéanamh ón liosta seo a leanas: Felim Egan, Dorothy Cross, Michael Quane, Alice Maher, James Scanlon, Maud Cotter, Robert Ballagh, Louis Le Brocquy, John Behan.

Bíodh tagairtí sainiúla agat d'ábhar, do mheán, stíl, íomháineachas agus do cháilíochtaí radharcacha as sampla amháin de shaothar gach ceann de do rogha ealaíontóirí.
*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn II - Ealaín na hEorpa (1000 AD go dtí Inniu)

**8.** Freagair (a) agus (b)

(a) Déan cur síos agus plé ar na tréithe a bhaineann leis an dealbhóireacht Ghotach agus déan trácht ar an ngaol atá aici le hailtireacht an ama. Déan tagairt do shamplaí sainiúla.

( b) Cad iad na difríochtaí atá idir an dealbhóireacht Ghotach agus an dealbhóireacht ón tréimhse Rómhánúil?

Déan tagairt do shamplaí sonracha i do fhreagra.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Pléigh go mion ceann amháin de na saothair seo a leanas, agus tagairt agat do theicníocht/stíl agus don tréimhse inar táirgeadh é.
Fuinneog na Maighdine agus an Linbh in Ardeaglais Chartres.
Pictiúr ealaíne le Duccio.
Diptic Wilton.
Ainmnigh agus déan cur síos ar shampla amháin eile de shaothar ón tréimhse chéanna.
*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Cad é a bhí mar thionchar ar dhearadh na hailtireachta i ré an Renaissance?
agus
Ainmnigh agus déan cur síos agus plé ar fhoirgneamh tipiciúil ó ré an Renaissance agus tagairt agat don struchtúr, don mhaisiúchán agus don fheidhm.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Pléigh go mion ceann amháin de na saothair seo a leanas, agus bíodh tagairt agat don stíl, don cheapachán/dhearadh don teicníocht, agus don tréimhse inar táirgeadh é.
'Lá an Bhreithiúnais' le Michelangelo (1475 –1564)
'Naomh Iaróm ina Sheomra staidéir' le Durer (1471-1528)
'An Fhaire Oíche' le Rembrandt (1606-1669)
'Eacstais Naomh Treasa' le Bernini (1598-1680)
agus
Ainmnigh agus déan cur síos agus plé ar shaothar amháin eile leis an ealaíontóir atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Freagair (a) agus (b)

(a) Déan cur síos agus plé ar 'Na hAmbasadóirí' le Hans Holbein (1497-1543) ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*,** agus bíodh tagairt agat don stíl, don cheapachán agus do na teachtaireachtaí a chuireann na fíoracha agus na hearraí a léirítear sa saothar in iúl.

(b) Cén chaoi a raibh tionchar ag an bpátrúnacht ríoga a bhí ag Hans Holbein le linn a thréimhse i Sasana ar a shaothar?

*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Déan cur síos agus plé ar 'Adhlacadh an Chunta Orgaz' le El Greco (1541-1614) ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***, agus bíodh tagairt agat don téama, don stíl, don chaoi a bhfuil na fíoracha socraithe agus don dath.
agus
Ainmnigh agus déan cur síos agus plé ar phictiúr ealaíne amháin eile le El Greco.
*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Cad iad na nuálaíochtaí sa phéintéireacht a tháinig chun cinn sa dara leath den 19ú hAois? Bíodh tagairtí agat do shaothair ainmnithe beirt ealaíontóirí, ar a laghad, ón tréimhse mar thaca le do fhreagra.
*Léirigh do fhreagra.*

**15.** Freagair (a), (b) agus (c)

(a) Roghnaigh agus ainmnigh saothar ealaíne agus an t-ealaíontoir ó aon tréimhse a luífidh le ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

- Saolú Chríost
- Pictiúr/dealbh altóra
- Pictiúr d'ábhar neamhbheo
- Dealbh a bhaineann le capall nó dealbh d'ainmhithe
- Pictiúr ealaíne nó dealbh a léiríonn daoine ag saothrú na talún

(b) Ainmnigh agus déan cur síos agus plé ar an obair atá roghnaithe agat, agus tagairt agat don stíl, don cheapachán/dhearadh, don teicníocht agus don tréimhse inar táirgeadh an saothar.

(c ) Ainmnigh agus déan cur síos agus plé ar shampla amháin eile ón gcatagóir chéanna.
*Léirigh do fhreagra.*

**16.** Freagair (a) agus (b)
(a) Déan cur síos agus plé ar na gnéithe ceapacháin agus ealaíne a bhaineann le 'An Deirge Chomhchuí' le Henri Matisse (1869-1954) ***atá léirithe ar an mbileog leis seo.***
(b) Scríobh cuntas ar na Fauves agus ar shaothar Matisse.
*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**17.** Tig le gnéithe amhairc agus teicniúla na scannánaíochta in éineacht freagairt mhothúchánach a chothú sa lucht féachana. Pléigh an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat do 'Shrek' nó d'aon cheann den triológ in 'The Lord of the Rings'
*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Tá coincheap an ghairdín mar '*seomra amuigh'* éirithe coitianta.
Cad iad na príomhthuiscintí is cóir do dhearthóir a chur san áireamh agus spás dá leithéid á fhorbairt aige?
agus
Rianaigh do chuid smaointe féin faoin spás ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** a fhorbairt mar seomra amuigh.
*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Déan plé ar an gcaoi a ndeachaigh cuairt ar mhúsaem nó ar dhánlann i bhfeidhm ar do léirthuiscint féin ar ealaín agus ar do chuid ealaíne féin. Ainmnigh an musaem nó an dánlann agus déan tagairt do dhá shaothar shainiúla agus tú i mbun plé.
*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Pléigh gréas an phóstaeir ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** agus mínigh conas a chomhcheanglaítear na heilimintí éagsúla le chéile d'fhonn an toradh iomlan a bhaint amach.
agus
Pléigh tionchar na nuatheicneolaíochta ar dhearadh agus thaispeáint póstaer.
*Léirigh do fhreagra.*

**21**. Uaireanta d'fhéadfaí saothair ealaíne a thabhairt ar pharáidi sráide, thaispeántais scoile agus léirithe in amharclanna.
Pléigh an ráiteas seo agus tagairt á deánamh agat do thaispeántas nó d'ócáid áirithe
agus
Rianaigh do chuid smaointe féin d'fheisteas d'fhéile sráide/paráid a dhéanann do phobal áitiúil féin a cheiliúradh. Mínigh go cruinn údar do thogra
*Léirigh do fhreagra.*

Leathanach
Bán

Leathanach
Bán